2) Diúltaítear don chuid eile den chaingean.

3) Ordaítear don BEI na costais a íoc.

(1) IO C 53, 15.2.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 7 Meán Fómhair 2022 – an tSlóvaic v an Coimisiún**

**(Cás T-40/21)** (1)

***(CERT – Caiteachas atá eisiata ó mhaoiniú – Easpa nósanna imeachta chun cabhair a íocadh go míchuí a athshlánú – Ráthaíochtaí nós imeachta – Airteagal 52(4)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 – Airteagal 34(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014)***

(2022/C 418/27)

*Teanga an cháis: an tSlóvaicis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Poblacht na Slóvaice (ionadaí: E. Drugda, Gníomhaire)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: M. Kaduczak, R. Lindenthal agus A. Sauka, Gníomhairí)

**Ábhar**

Trína chaingean atá bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarann Poblacht na Slóvaice ar an gCúirt Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1734 an 18 Samhain 2020 lena n-eisiatar ó mhaoiniú an Aontais Eorpaigh caiteachas áirithe a thabhaíonn na Ballstáit faoin gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) (IO 2020, L 390, lch. 10), a chur ar neamhní, a mhéid a fhorchuirtear leis ar Phoblacht na Slóvaice ceartú airgeadais de EUR 19 656 905,11 maidir le cabhair dhíreach dhíchúpláilte don bhliain airgeadais 2016.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean.

2. Ordaítear do Phoblacht na Slóvaice na costais a íoc.

(1) IO C 98 an 22.3.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 21 Meán Fómhair 2022 – an Phortaingéil v an Coimisiún (Saorlimistéar Mhaidéara)**

**(Cás T-95/21)** (1)

***(Státchabhair – Saorlimistéar Mhaidéara – Scéim cabhrach arna cur chun feidhme ag an bPortaingéil – Cinneadh lena n-aithnítear nach gcomhlíontar an scéim Cinntí C(2007) 3037 final agus C(2013) 4043 final lena ndearbhaítear go bhfuil an scéim sin ar neamhréir leis an margadh inmheánach agus lena n-ordaítear an chabhair a deonaíodh agus í á cur i bhfeidhm a aisghabháil – An coincheap "státchabhair" – Cabhair atá ann de réir bhrí Airteagal 1(b)(i) agus (ii) de Rialachán (AE) 2015/1589 – Aisghabháil – Ionchas dlisteanach – Deimhneacht dhlíthiúil – Prionsabal an dea-riaracháin – Dodhéantacht iomlán forghníomhaithe – Tréimhse theorann – Airteagal 17 de Rialachán 2015/1589)***

(2022/C 418/28)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Poblacht na Portaingéile (ionadaithe: P. Barros da Costa, A. Soares de Freitas, L. Borrego, Gníomhairí, le cúnamh ó M. Gorjão-Henriques agus A. Saavedra, Dlíodóirí)